2026/2218

5.10.2026

Comhaontú, i bhfoirm Malartú Litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

A. Litir ón Aontas

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don Chomhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), arna dhéanamh sa Bhruiséil an 10 Aibreán 2018 ('Comhaontú PRIMA'). Is é is cuspóir do Chomhaontú PRIMA na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht Ríocht Mharacó in PRIMA a leagan amach. Leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha sin i gCinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] ('Cinneadh PRIMA'), agus fanfaidh Comhaontú PRIMA i bhfeidhm fad a bheidh Cinneadh PRIMA i bhfeidhm. Luaitear i gCinneadh PRIMA go raibh na gníomhaíochtaí deiridh a bhí le cistiú faoin gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) ('Fís 2020'), lena n-áirítear na glaonna deiridh ar thograí faoi na pleananna oibre bliantúla ábhartha, le seoladh faoin 31 Nollaig 2024 nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, faoin 31 Nollaig 2025. Chun síneadh a chur lena ghníomhaíochtaí, b'éigean Cinneadh PRIMA a leasú agus a ionchorprú sa chlár Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht ('Fís Eorpach').

Tar éis ghlacadh Chinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] lenar leasaíodh Cinneadh PRIMA a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach, is gá Comhaontú PRIMA a leasú agus a fhorlíonadh chun é a ailíniú le Cinneadh PRIMA arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167, ionas go bhféadfar leanúint de Ríocht Mharacó a mheas mar Stát Rannpháirteach faoin gclár Fís Eorpach de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh PRIMA arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167. Thairis sin, i bhfianaise na rialacha airgeadais nua, is gá na socruithe cur chun feidhme le haghaidh cúnamh frithpháirteach, arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 2 de Chomhaontú PRIMA, a chomhtháthú go hiomlán i gComhaontú PRIMA. Is iad na leasuithe sin ábhar an Chomhaontaithe seo, i bhfoirm Malartú Litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA).

Dá bhrí sin, moltar na leasuithe seo a leanas ar Chomhaontú PRIMA:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

Téarmaí agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Mharacó in PRIMA

Is iad na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2017/1324 (*) a bheidh sna téarmaí agus sna coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Mharacó in PRIMA. Comhlíonfaidh na Páirtithe na hoibleagáidí a bhunaítear le Cinneadh (AE) 2017/1324 agus déanfaidh siad bearta iomchuí, go háirithe tríd an gcúnamh uile is gá a sholáthar chun cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(3), (3a) agus (4) den Chinneadh sin a áirithiú. Leagtar amach na socruithe mionsonraithe maidir le cúnamh den sórt sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo.

(*) Arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (IO L, 2024/1167, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).';

[1] Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO L 185, 18.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1324/oj).

[2] Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (IO L, 2024/1167, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).

2. cuirtear an t-airteagal seo a leanas leis:

‘Airteagal 8

Leagtar amach na socruithe mionsonraithe maidir le cúnamh atá fíor-riachtanach don chomhar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo agus is cuid dhílis den Chomhaontú seo iad.’;

3. cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas leis:

‘IARSCRÍBHINN

SOCRAITHE MAIDIR LE CÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH DE BHUN AIRTEAGAL 2

Baineann na socraithe le haghaidh cúnamh frithpháirteach a leagtar amach san Iarscríbhinn seo go háirithe le cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(3), (3a) agus (4) de Chinneadh (AE) 2017/1324 maidir le gníomhaíochtaí indíreacha arna gcistiú ag an Aontas de bhun Airteagal 6(1), pointe (a), den Chinneadh sin (“gníomhaíochtaí indíreacha”). Ní ghabhann leis na socraithe a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ar bhealach ar bith dliteanas seach-chonarthach údaráis inniúla Mharacó i gcás neamhrialtachtaí a bhraitear le linn seiceálacha airgeadais, iniúchtaí, athbhreithnithe agus cigireachtaí arna ndéanamh faoi na hAirteagail sin.

Airteagal 1

Iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha

1. Ceanglaítear ar údaráis Mharacó, faoi Airteagal 2 den Chomhaontú seo, an cúnamh is gá a sholáthar le haghaidh iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha caiteachais trí fheidhmiú na n-iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha sin a éascú, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, go hiomlán nó go páirteach, nó i gcás ina n-éilítear conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí. I ndáil leis sin, soláthróidh Struchtúr Cur Chun Feidhme PRIMA, eadhon Fondúireacht PRIMA, d’údarás ainmnithe Mharacó, roimh ré, an fhaisnéis bhunúsach a bhaineann le haon mhisean a dhéantar chun críoch na n-iniúchtaí, na n-athbhreithnithe agus na seiceálacha sin, rud a chuirfidh ar a chumas d‘údarás ainmnithe Mharacó na misin sin a éascú; faisnéis den sórt sin nach réamhchoinníoll dlí í chun iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha den sórt sin a dhéanamh.

Chun críocha na míre seo, is é an Aireacht Ardoideachais, Taighde Eolaíochta agus Nuálaíochta údarás ainmnithe Mharacó.

2. Féadfar na hiniúchtaí, na hathbhreithnithe agus na seiceálacha a dhéanamh tar éis do Chinneadh (AE) 2017/1324 dul in éag nó tar éis don Chomhaontú seo dul in éag nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, ar choinníoll go bhfuil gá leis chun PRIMA a chur chun feidhme.

Airteagal 2

Imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

1. Ceanglaítear ar údaráis Mharacó, faoi Airteagal 2 den Chomhaontú seo, an cúnamh is gá a sholáthar le haghaidh imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus i gcásanna ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, go hiomlán nó go páirteach, nó i gcás ina gceanglaítear conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí, agus aird chuí á tabhairt ar dhlí náisiúnta Mharacó. Ullmhóidh agus déanfaidh OLAF seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair i Ríocht Mharacó i ndlúthchomhar le húdarás inniúil ainmnithe Mharacó, agus dá bhforáiltear in Airteagal 11(3) de Chinneadh (AE) 2017/1324 agus in Airteagal 2 den Chomhaontú seo.

Chun críocha na míre seo, is é an Aireacht Ardoideachais, Taighde Eolaíochta agus Nuálaíochta údarás ainmnithe Mharacó. Tabharfaidh OLAF fógra d'údarás ainmnithe Mharacó roimh ré maidir le hábhar, cuspóir agus bunús dlí na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin ar an láthair i Ríocht Mharacó, ionas gur féidir leis an údarás sin aon chúnamh is gá a sholáthar. Chuige sin, féadfaidh foireann údarás inniúil ainmnithe Mharacó páirt a ghlacadh i seiceálacha agus cigireachtaí den sórt sin ar an láthair, arna iarraidh sin dó.

2. Má chuireann na rannpháirtithe lena mbaineann i ngníomhaíochtaí indíreacha nó eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Ríocht Mharacó i gcoinne seiceáil nó cigireacht ar an láthair, tabharfaidh údaráis Mharacó, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le dlí náisiúnta Mharacó, an cúnamh is gá d'fhoireann OLAF ionas go mbeidh sé in ann a sheiceálacha agus a chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach agus gan moill mhíchuí, i ndlúthchomhar leis na húdaráis sin.

3. Más mian le húdarás ainmnithe Mharacó é, féadfaidh sé na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh i gcomhpháirt le OLAF.

4. Cuirfidh OLAF údaráis Mharacó ar an eolas in am trátha faoi thorthaí na seiceálacha agus na gcigireachtaí ar an láthair chun é a chur ar a gcumas dóibh gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta Mharacó.

5. Comhoibreoidh údaráis Mharacó le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) in ábhair bhreithiúnacha, agus soláthróidh siad agus gheobhaidh siad cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i gcomhréir leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha agus leis na comhaontuithe déthaobhacha ábhartha agus le dlí náisiúnta Mharacó, chun é a chur ar a chumas do OIPE a shainordú a chomhlíonadh maidir le déantóirí cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chuig cúirteanna inniúla na mBallstát, laistigh den raon feidhme a shainítear le hAirteagail 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle (*).

Airteagal 3

Faisnéis agus comhairliúchán

1. Malartóidh na Páirtithe faisnéis ar bhonn rialta le haghaidh cúnamh frithpháirteach faoin gComhaontú seo, mura dtoirmisctear orthu déanamh amhlaidh leis na rialacha nó leis na dlíthe is infheidhme, agus, arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe, rachaidh siad i mbun comhairliúchán.

2. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas agus, i gcás inarb iomchuí, OLAF, laistigh de thréimhse ama réasúnta, faoi fhaisnéis atá tugtha faoi deara acu maidir le neamhrialtachtaí amhrasta nó neamhrialtachtaí arna suí i dtabhairt i gcrích nó i bhfeidhmiú na gcomhaontuithe deontais nó na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích chun gníomhaíochtaí indíreacha a chur chun feidhme.

Airteagal 4

Rúndacht

Cosnóidh na Páirtithe faisnéis a chuirtear in iúl nó a fhaightear in aon fhoirm faoin gComhaontú seo ar an mbealach céanna a chosnaítear faisnéis chomhchosúil lena rialacha is infheidhme faoi seach. Ní chuirfear faisnéis den sórt sin in iúl do dhaoine seachas dóibh siúd atá laistigh d'Fhondúireacht PRIMA, d'institiúidí an Aontais Eorpaigh, do Stáit Rannpháirteacha PRIMA lena mbaineann nó Ríocht Mharacó a gceanglaíonn a bhfeidhmeanna orthu a bheith ar eolas den sórt sin fúithi. Ní úsáidfear eolas den sórt sin chun críoch eile seachas chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais na bPáirtithe a áirithiú.

(*) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).'.


Bheinn faoi chomaoin agat ach a chur in iúl dom (a dheimhniú) cibé acu an aontaíonn nó nach n-aontaíonn do Rialtas leis an méid sin thuas. Tá sé d'onóir agam a mholadh, má tá an méid seo thuas inghlactha ag do Rialtas, gurb ionann an litir seo agus do dheimhniú, i dteannta a chéile, agus Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó ('na Páirtithe') i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar Comhaontú PRIMA.

Cuirfear an Comhaontú seo, i bhfoirm malartaithe litreacha, i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a fhormheas de réir a nósanna imeachta féin. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an lá a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile trí bhealaigh taidhleoireachta gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

Glac, a Dhuine Uasail, le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

Съставено в Брюксел на двадесет и седми март две хиляди двадесет и шеста година.
Hecho en Bruselas, el veintisiete de marzo de dos mil veintiséis.
V Bruselu dne dvacátého sedmého března dva tisíce dvacet šest.
Udfærdiget i Bruxelles den syvogtyvende marts to tusind og seksogtyve.
Geschehen zu Brüssel am siebenundzwanzigsten März zweitausendsechsundzwanzig.
Kahe tuhande kahekümne kuuenda aasta märtsikuu kahekümne seitsmendal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι εφτά Μαρτίου δύο χιλιάδες είκοσι έξι.
Done at Brussels on the twenty-seventh day of March in the year two thousand and twenty six.
Fait à Bruxelles, le vingt-sept mars deux mille vingt-six.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an seachtú lá is fiche de Mhárta sa bhliain dhá mhíle fiche a sé.
Sastavljeno u Bruxellesu dvadeset sedmog ožujka godine dvije tisuće dvadeset šeste.
Fatto a Bruxelles, addì ventisette marzo duemilaventisei.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit sestā gada divdesmit septītajā martā.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt šeštų metų kovo dvidešimt septintą dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonhatodik év március havának huszonhetedik napján.
Magħmul fi Brussell, fis-sebgħa u għoxrin jum ta' Marzu fis-sena elfejn u sitta u għoxrin.
Gedaan te Brussel, zevenentwintig maart tweeduizend zesentwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia dwudziestego siódmego marca roku dwa tysiące dwudziestego szóstego.
Feito em Bruxelas, em vinte e sete de março de dois mil e vinte e seis.
Întocmit la Bruxelles la douăzeci și șapte martie două mii douăzeci și șase.
V Bruseli dvadsiateho siedmeho marca dvetisícdvadsaťšesť.
V Bruslju, sedemindvajsetega marca dva tisoč šestindvajset.
Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenäseitsemäntenä päivänä maaliskuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkuusi.
Som skedde i Bryssel den tjugosjunde mars år tjugohundratjugosex.
حرر ببروكسيل بتاريخ سبعة وعشرين مارس لسنة الفين و ستة و عشرين

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ενωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen
عن الاتحاد الاوروبي



B. Litir ó Ríocht Mharacó

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an 23 Samhain 2023 atá mar seo a leanas:

'Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don Chomhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), arna dhéanamh sa Bhruiséil an 10 Aibreán 2018 ("Comhaontú PRIMA"). Is é is cuspóir do Chomhaontú PRIMA na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht Ríocht Mharacó in PRIMA a leagan amach. Leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha sin i gCinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) ("Cinneadh PRIMA"), agus fanfaidh Comhaontú PRIMA i bhfeidhm fad a bheidh Cinneadh PRIMA i bhfeidhm. Luaitear i gCinneadh PRIMA go raibh na gníomhaíochtaí deiridh a bhí le cistiú faoin gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) ("Fís 2020"), lena n áirítear na glaonna deiridh ar thograí faoi na pleananna oibre bliantúla ábhartha, le seoladh faoin 31 Nollaig 2024 nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, faoin 31 Nollaig 2025. Chun síneadh a chur lena ghníomhaíochtaí, b'éigean Cinneadh PRIMA a leasú agus a ionchorprú sa chlár Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht ("Fís Eorpach").

Tar éis ghlacadh Chinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) lenar leasaíodh Cinneadh PRIMA a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach, is gá Comhaontú PRIMA a leasú agus a fhorlíonadh chun é a ailíniú le Cinneadh PRIMA arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167, ionas go bhféadfar leanúint de Ríocht Mharacó a mheas mar Stát Rannpháirteach faoin gclár Fís Eorpach de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh PRIMA arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167. Thairis sin, i bhfianaise na rialacha airgeadais nua, is gá na socruithe cur chun feidhme le haghaidh cúnamh frithpháirteach, arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 2 de Chomhaontú PRIMA, a chomhtháthú go hiomlán i gComhaontú PRIMA. Is iad na leasuithe sin ábhar an Chomhaontaithe seo, i bhfoirm Malartú Litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

Dá bhrí sin, moltar na leasuithe seo a leanas ar Chomhaontú PRIMA:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

Téarmaí agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Mharacó in PRIMA

Is iad na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2017/1324 (*) a bheidh sna téarmaí agus sna coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Mharacó in PRIMA. Comhlíonfaidh na Páirtithe na hoibleagáidí a bhunaítear le Cinneadh (AE) 2017/1324 agus déanfaidh siad bearta iomchuí, go háirithe tríd an gcúnamh uile is gá a sholáthar chun cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(3), (3a) agus (4) den Chinneadh sin a áirithiú. Leagtar amach na socruithe mionsonraithe maidir le cúnamh den sórt sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo.

(*) Arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (IO L, 2024/1167, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).";

([1]) Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO L 185, 18.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1324/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (IO L, 2024/1167, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).

2. cuirtear an t-airteagal seo a leanas leis:

"*Airteagal 8*

Leagtar amach na socruithe mionsonraithe maidir le cúnamh atá fíor-riachtanach don chomhar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo agus is cuid dhílis den Chomhaontú seo iad.";

3. cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas leis:

"IARSCRÍBHINN

SOCRAITHE MAIDIR LE CÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH DE BHUN AIRTEAGAL 2

Baineann na socraithe le haghaidh cúnamh frithpháirteach a leagtar amach san Iarscríbhinn seo go háirithe le cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(3), (3a) agus (4) de Chinneadh (AE) 2017/1324 maidir le gníomhaíochtaí indíreacha arna gcistiú ag an Aontas de bhun Airteagal 6(1), pointe (a) den Chinneadh sin ('gníomhaíochtaí indíreacha'). Ní ghabhann leis na socraithe a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ar bhealach ar bith dliteanas seach-chonarthach údaráis inniúla Mharacó i gcás neamhrialtachtaí a bhraitear le linn seiceálacha airgeadais, iniúchtaí, athbhreithnithe agus cigireachtaí faoi na hAirteagail sin.

Airteagal 1

Iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha

1. Ceanglaítear ar údaráis Mharacó, faoi Airteagal 2 den Chomhaontú seo, an cúnamh is gá a sholáthar le haghaidh iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha caiteachais trí fheidhmiú na n-iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha sin a éascú, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, go hiomlán nó go páirteach, nó i gcás ina n-éilítear conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí. I ndáil leis sin, soláthróidh Struchtúr Cur Chun Feidhme PRIMA, eadhon Fondúireacht PRIMA, d'údarás ainmnithe Mharacó, roimh ré, an fhaisnéis bhunúsach a bhaineann le haon mhisean a dhéantar chun críoch na n-iniúchtaí, na n-athbhreithnithe agus na seiceálacha sin, rud a chuirfidh ar a chumas d'údarás ainmnithe Mharacó na misin sin a éascú; faisnéis den sórt sin nach réamhchoinníoll dlí í chun iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha den sórt sin a dhéanamh.

Chun críocha na míre seo, is é an Aireacht Ardoideachais, Taighde Eolaíochta agus Nuálaíochta údarás ainmnithe Mharacó.

2. Féadfar na hiniúchtaí, na hathbhreithnithe agus na seiceálacha a dhéanamh tar éis dul in éag ar Chinneadh (AE) 2017/1324 nó ar an gComhaontú seo nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, ar choinníoll gur gá chun PRIMA a chur chun feidhme.

Airteagal 2

Imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

1. Ceanglaítear ar údaráis Mharacó faoi Airteagal 2 den Chomhaontú seo an cúnamh is gá a sholáthar le haghaidh imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus i gcásanna ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, go hiomlán nó go páirteach, nó i gcás ina gceanglaítear conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí, agus aird chuí á tabhairt ar dhlí náisiúnta Mharacó. Ullmhóidh agus déanfaidh OLAF seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair i Ríocht Mharacó i ndlúthchomhar le húdarás inniúil ainmnithe Mharacó, agus dá bhforáiltear in Airteagal 11(3) de Chinneadh (AE) 2017/1324 agus in Airteagal 2 den Chomhaontú seo.

Chun críocha na míre seo, is é an Aireacht Ardoideachais, Taighde Eolaíochta agus Nuálaíochta údarás ainmnithe Mharacó. Tabharfaidh OLAF fógra d'údarás ainmnithe Mharacó roimh ré maidir le hábhar, cuspóir agus bunús dlí na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin ar an láthair i Ríocht Mharacó, ionas gur féidir leis an údarás sin aon chúnamh is gá a sholáthar. Chuige sin, féadfaidh foireann údarás inniúil ainmnithe Mharacó páirt a ghlacadh i seiceálacha agus cigireachtaí den sórt sin ar an láthair, arna iarraidh sin di.

2. I gcás ina gcuireann na rannpháirtithe lena mbaineann i ngníomhaíochtaí indíreacha nó eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Ríocht Mharacó i gcoinne seiceáil nó cigireacht ar an láthair, tabharfaidh údaráis Mharacó, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le dlí náisiúnta Mharacó, an cúnamh is gá d'fhoireann OLAF ionas go mbeidh sé in ann a sheiceálacha agus a chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach agus gan moill mhíchuí, i ndlúthchomhar leis na húdaráis sin.

3. Más mian le húdarás ainmnithe Mharacó é, féadfaidh sé na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh i gcomhpháirt le OLAF.

4. Cuirfidh OLAF údaráis Mharacó ar an eolas in am trátha faoi thorthaí na seiceálacha agus na gcigireachtaí ar an láthair chun é a chur ar a gcumas dóibh gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta Mharacó.

5. Comhoibreoidh údaráis Mharacó le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) in ábhair bhreithiúnacha, agus soláthróidh siad agus gheobhaidh siad cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i gcomhréir leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha agus leis na comhaontuithe déthaobhacha ábhartha agus le dlí náisiúnta Mharacó, chun é a chur ar a chumas do OIPE a shainordú a chomhlíonadh maidir le déantóirí cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chuig cúirteanna inniúla na mBallstát, laistigh den raon feidhme a shainítear le hAirteagail 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle (*).

Airteagal 3

Faisnéis agus comhairliúchán

1. Malartóidh na Páirtithe faisnéis ar bhonn rialta le haghaidh cúnamh frithpháirteach faoin gComhaontú seo, mura dtoirmisctear orthu déanamh amhlaidh leis na rialacha nó leis na dlíthe is infheidhme agus, arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe, rachaidh siad i mbun comhairliúchán.

2. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas agus, i gcás inarb iomchuí, OLAF, laistigh de thréimhse ama réasúnta, faoi fhaisnéis atá tugtha faoi deara acu maidir le neamhrialtachtaí amhrasta nó neamhrialtachtaí arna suí i dtabhairt i gcrích nó i bhfeidhmiú na gcomhaontuithe deontais nó na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích chun gníomhaíochtaí indíreacha a chur chun feidhme.

Airteagal 4

Rúndacht

Cosnóidh na Páirtithe faisnéis a chuirtear in iúl nó a fhaightear in aon fhoirm faoin gComhaontú seo ar an mbealach céanna a chosnaítear faisnéis chomhchosúil lena rialacha is infheidhme faoi seach. Ní chuirfear faisnéis den sórt sin in iúl do dhaoine seachas dóibh siúd atá laistigh d'Fhondúireacht PRIMA, d'institiúidí an Aontais Eorpaigh, do Stáit Rannpháirteacha PRIMA lena mbaineann nó Ríocht Mharacó, a gceanglaíonn a bhfeidhmeanna orthu a bheith ar an eolas faoi fhaisnéis den sórt sin. Ní úsáidfear eolas den sórt sin chun críoch eile seachas chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais na bPáirtithe a áirithiú.

(*) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).".

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú cibé acu an aontaíonn nó nach n-aontaíonn do Rialtas leis an méid sin thuas. Tá sé d'onóir agam a mholadh, má tá an méid seo thuas inghlactha ag do Rialtas, gurb ionann an litir seo agus do dheimhniú, i dteannta a chéile, agus Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó ("na Páirtithe"), i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar Comhaontú PRIMA.

Cuirfear an Comhaontú seo, i bhfoirm malartaithe litreacha, i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a fhormheas de réir a nósanna imeachta féin. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an lá a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile trí bhealaigh taidhleoireachta gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.'

Tá sé d'onóir agam a dheimhniú go n-aontaíonn mo Rialtas le hinneachar do litreach agus gurb ionann do litir agus an litir seo, i dteannta a chéile, agus comhaontú i bhfoirm malartú litreacha lena leasaítear agus lena bhforlíontar Comhaontú PRIMA i gcomhréir le do thogra.

Cuirfear an Comhaontú seo, i bhfoirm malartaithe litreacha, i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a fhormheas de réir a nósanna imeachta féin. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an lá a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile tríd an mbealach taidhleoireachta gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

A Dhuine Uasail, glac, le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

حرر ببروكسيل بتاريخ سبعة وعشرين مارس لسنة الفين و ستة و عشرين
Съставено в Брюксел на двадесет и седми март две хиляди двадесет и шеста година.
Hecho en Bruselas, el veintisiete de marzo de dos mil veintiséis.
V Bruselu dne dvacátého sedmého března dva tisíce dvacet šest.
Udfærdiget i Bruxelles den syvogtyvende marts to tusind og seksogtyve.
Geschehen zu Brüssel am siebenundzwanzigsten März zweitausendsechsundzwanzig.
Kahe tuhande kahekümne kuuenda aasta märtsikuu kahekümne seitsmendal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι εφτά Μαρτίου δύο χιλιάδες είκοσι έξι.
Done at Brussels on the twenty-seventh day of March in the year two thousand and twenty six.
Fait à Bruxelles, le vingt-sept mars deux mille vingt-six.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an seachtú lá is fiche de Mhárta sa bhliain dhá mhíle fiche a sé.
Sastavljeno u Bruxellesu dvadeset sedmog ožujka godine dvije tisuće dvadeset šeste.
Fatto a Bruxelles, addì ventisette marzo duemilaventisei.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit sestā gada divdesmit septītajā martā.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt šeštų metų kovo dvidešimt septintą dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonhatodik év március havának huszonhetedik napján.
Magħmul fi Brussell, fis-sebgħa u għoxrin jum ta' Marzu fis-sena elfejn u sitta u għoxrin.
Gedaan te Brussel, zevenentwintig maart tweeduizend zesentwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia dwudziestego siódmego marca roku dwa tysiące dwudziestego szóstego.
Feito em Bruxelas, em vinte e sete de março de dois mil e vinte e seis.
Întocmit la Bruxelles la douăzeci și șapte martie două mii douăzeci și șase.
V Bruseli dvadsiateho siedmeho marca dvetisícdvadsaťšesť.
V Bruslju, sedemindvajsetega marca dva tisoč šestindvajset.
Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenäseitsemäntenä päivänä maaliskuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkuusi.
Som skedde i Bryssel den tjugosjunde mars år tjugohundratjugosex.

عن المملكة المغربية
За Кралство Мароко
Por el Reino de Marruecos
Za Marocké království
For Kongeriget Marokko
Für das Königreich Marokko
Maroko Kuningriigi nimel
Για το Βασίλειο του Μαρόκου
For the Kingdom of Morocco
Pour le Royaume du Maroc
Thar ceann Ríocht Mharacó
Za Kraljevinu Maroko
Per il Regno del Marocco
Marokas Karalistes vārdā –
Maroko Karalystės vardu
A Marokkói Királyság részéről
Għar-Renju tal-Marokk
Voor het Koninkrijk Marokko
W imieniu Królestwa Marokańskiego
Pelo Reino de Marrocos
Pentru Regatul Maroc
Za Marocké kráľovstvo
Za Kraljevino Maroko
Marokon kuningaskunnan puolesta
För Konungariket Marocko